RTÉ Independent Productions | Radio

| RTÉ IRP SONRAÍ COIMISIÚNAITHE | |
|---|---|
| | |
| Bliain | 2023 |
| Babhta | BAI Fuaim & Fís Babhta 49 |
| Stáisiún | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| IRP Uimhir Choimisiúnaithe | IRPBAI49 |
| | |
| Critéir | |
| Am Craolta | I rith na seachtaine ag a 14.00 |
| Fad | 10 clár x 55 nóiméad |
| Buiséad an chláir | Gan sonraithe |
| | |
| Cur Síos | |

Cuirfear fáilte roimh thairiscintí ar shraith cainte, comhrá agus ceoil, **'Ó Bhaile go Baile'** a chíorfaidh téamaí éagsúla bunaithe ar phobail i mbailte éagsúla ar fud na tíre.
Déanfar taifeadadh 'beo' ar na cláracha agus táthar ag súil léargas a fháil ar shaol phobal na Gaeilge sna ceantair atá i gceist, beidh ceisteanna maidir le cúrsaí an tsaoil, fostaíocht, seirbhísí, cumainn, oideachas, óige, na rudaí maithe faoin mbaile, fadhbanna sóisialta agus araile. Seo sraith a mheallfaidh éisteoirí ar bhonn náisiúnta agus Gaeltachta.

Tá sé tábhachtach go dtiocfadh na smaointe leis na treoirlínte atá leagtha amach sa scéim Fuaim & Fís agus moltar do léiritheoirí an méid atá sna treoirlínte a thógáil ar bord agus iad ag oibriú ar na smaointe sin a fhorbairt do chláracha agus sraitheanna. Is fiú a thabhairt san áireamh na deiseanna atá ann an t-ábhar a bhrú chun cinn ar na meáin shóisialta agus ar an idirlíon.

**Tábhachtach**
Iarrtar ort le do thoil imlíne de chostas na sraithe a sholáthair le do iarratas.
Teastaíonn an Plean Buiséid & Airgeadais chun Litir Tiomantais a eisiúint.